

Ceisteanna Coitianta do Phríomhoidí Scoile nó don Teagmhálaí Ainmnithe

D'fhorbair Sláinte Phoiblí FSS an bhileog seo do phríomhoidí scoile nó don teagmhálaí ainmnithe i gcomhar leis an Roinn Oideachais.

	Leathanach
1. Má aimsítear cás deimhneach ó do scoilse	1
2. Faighneoga	2
3. Vacsaíniú	3
4. Eolas faoi dhlúth-theagmhálaithe	3
5. Teagmháil ó Shláinte Phoiblí FSS	5
6. Tástáil Dhlúth-theagmhálaithe	8
7. Tosaíonn dalta/scoláire/ball foirne ag léiriú comharthaí	10
8. Sonraí	12

1. Má aimsítear cás deimhneach ó do scoilse:

C: Má chuirtear in iúl don scoil gur aimsíodh cás deimhneach, cad ba cheart don scoil a dhéanamh?

F. Fan le treoracha ó Shláinte Phoiblí FSS – ní gá ranganna a chur abhaile ná a rá leo gan teacht ar scoil.

Ní mór cuimhneamh nach bhfuil an cás deimhnithe taobh istigh den scoil a thuilleadh agus dá bhrí sin go bhfuil an baol go scaipfeadh infhabhtú ar aghaidh ón duine sin tógtha amach as suíomh na scoile.

Más rud é nach raibh an cás i suíomh na scoile le linn dó a bheith tógálach, ní ghlaofaí Sláinte Phoiblí FSS ar an scoil mar ghnáthchleachtas mar nach bhfuil aon bhaol suntasach ann gur scaip an cás an t-ionfhabhtú i suíomh na scoile.

Má bhí an cás de Covid-19 sa scoil le linn na tréimhse tógálaí déanfaidh FSS teagmháil leis an scoil. Déanfar é sin go hiondúil ar an lá céanna ar cuireadh in iúl do FSS gur fhreastail an cás ar scoileanna agus é tógálach, ach d'fhéadfadh sé gur ar an lá ina dhiaidh sin a dhéanfaí é. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne **nach bhfuil an cás deimhnithe sa scoil a thuilleadh. Ba cheart duine ar bith a bhfuil comharthaí Covid-19 á léiriú aige/aici a aonrú de réir an ghnáthnóis imeachta. Tógann sé 4-7 lá ar an meán sula bhféadfadh duine ar bith eile éirí tinn agus daoine eile a ionfhabhtú (tréimhse ghoir).** Tugann sé sin am do Shláinte Phoiblí FSS teagmháil a dhéanamh le scoileanna de réir mar is cuí.

C: Cad í an tréimhse ina bhfuil an galar tógálach?

F: Is í an 'tréimhse ina bhfuil an galar tógálach' an tréimhse inar féidir le duine le galar tógálach é a scaipeadh ar dhaoine eile – cuimsíonn an 'tréimhse ina bhfuil an galar tógálach' i gcás Covid-19 an 24 uair an chloig roimh an tástáil do chásanna nach bhfuil comharthaí á léiriú acu, nó an 48 uair an chloig sula léirítear na comharthaí i dtaca le cásanna a bhfuil comharthaí á léiriú acu.

Níor cheart glacadh leis go measfar i gcónaí go bhfuil an rang go léir ina ndlúth-theagmhálaithe. Is de bhrí go mbaineann an oiread sin éagsúlachta le suíomhanna scoile é sin, e.g. i gcás daltaí óga bunscoile, is dócha go measfar go bhfuil na daltaí 'san fhaighneog' ina ndlúth-theagmhálaithe agus go dtógtar amach iad. **I suíomhanna iar-bhunscoile, áit a bhfuil scaradh sóisialta i bhfeidhm seachas 'faighneog' ann féin, déanfar dlúth-theagmhálaithe a chinneadh ag brath ar chomh gar agus a bhí siad don chás innéacs agus ar an gcaidreamh a bhí acu leis; tugtar aird ar leith ar ghrúpaí dlúthchairde.**

C: Cad iad na sonraí teagmhála do Líne Covid-19 beo FSS do Phríomhoidí?

Chun ceisteanna i leith Covid-19, a bhaineann le cásanna deimhnithe i do scoileanna nuair nár chuala tú ó Shláinte Phoiblí FSS, cuir glaoch fóin, le do thoil, ar 'Líne Covid-19 beo FSS do Phríomhoidí' ar **X. (Ní uimhir phoiblí an uimhir sin agus is uimhir í do phríomhoidí scoile nó do theagmhálaí ainmnithe na scoileanna agus dóibh siúd amháin)**

Beidh an líne fóin ag feidhmiú seacht lá na seachtaine ó 8am go dtí 4.30pm ó Luan go hAoine agus ó 10am go dtí 4.30pm ar an Satharn agus ar an Domhnach. Glacfaidh an t-oibrítheoir na mionsonraí bunúsacha agus cuirfear iad sin ar fáil go díreach don fhoireann Scoileanna ábhartha sa roinn Sláinte Poiblí de chuid FSS. Déanfar gach iarracht freagra a thabhairt ar an lá céanna, mura bhfuil sé déanach sa tráthnóna agus sa chás sin d'fhéadfadh an freagra teacht an lá ina dhiaidh sin.

N.B. Seiceáil do chuid sonraí teagmhála féin freisin ar chóras POD/PPOD na Roinne Oideachais, le do thoil, i.e. sonraí d'fhóin póca agus do ríomhphoist ionas go bhféadfaidh FSS teagmháil a dhéanamh leat más gá.

2. Faighneoga:

C. An gá 'faighneoga' a eagrú agus a fheidhmiú go fóill?

F. Is gá. D'iarramar go mbeadh daltaí i bhfaighneoga ar aon dul leis an mbliain seo caite agus go mbeadh na faighneoga sin beag taobh istigh agus á gcoinneáil i bhfeidhm a oiread agus is féidir. Tá sé sin á dhéanamh lena chinntiú go bhfuil líon na ndlúth-theagmhálaithe chomh teoranta agus is féidir, agus dá bhrí sin go ndéanfar an baol do dhaoine eile taobh istigh den rang a choinneáil ag an leibhéal is ísle.

I mbliana, d'iarramar go suifeadh dlúthchairde le chéile nuair is féidir i suíomhanna bunscoile agus iar-bhunscoile chun a bheith níos cinnte fós go bhfuil

líon na ndlúth-theagmhálaithe agus a líon siúd atá i mbaol go scaipfeadh an víreas ina measc chomh híseal agus is féidir taobh istigh den phobal.

3. Vacsaíniú:

C. Cé hiad siúd a moltar dóibh vacsaíní Covid-19 a fháil?

F. Cuireann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh moltaí maidir le vacsaíní os comhair na Roinne Sláinte. Faoi láthair, tá gach duine os cionn dhá bhliain déag d'aois incháilithe agus moltar dóibh vacsaíní Covid-19 a fháil. Tá tuilleadh eolais faoi mholtaí náisiúnta i dtaca le vacsaíniú Covid-19 ar fáil ag <https://www2.hse.ie/screening-and-vaccinations/Covid-19-vaccine/>

C. An bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag Príomhoidí cé hiad siúd a bhfuil vacsaín faighte acu taobh istigh dá gcuid scoileanna.

F. Níltear. Is eolas príobháideach maidir le sláinte é sin agus faigheann FSS an t-eolas sin de réir mar is gá agus coinníonn sí faoi rún é. Níltear ag súil go mbeidh stádas vacsaínithe daltaí/scoláirí ná ball foirne ar eolas ag scoileanna ar mhaithe le rianú teagmhálaithe.

4. Eolas faoi dhlúth-theagmhálaithe:

Déantar dlúth-theagmhálaithe a mheas bunaithe ar an teagmháil a bhí acu le cás deimhnithe le linn na tréimhse ina raibh a g(h)alar tógálach - 48 uair an chloig sula dtosaíonn na comharthaí má tá comharthaí á léiriú aige/aici, nó 24 uair an chloig sula ndearnadh an tástáil do Covid-19 ina gcás siúd nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu.

Dlúth-theagmhálaithe – vacsaínithe

C. Cad a tharlóidh má aimsítear duine mar dhlúth-theagmhálaí ach go bhfuil an duine sin vacsaínithe go hiomlán?

F. Faoi láthair, is í an treoir náisiúnta ná nach gá do dhuine atá vacsaínithe go hiomlán a srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí ná gnáth-thástáil a dhéanamh do Coivid-19, fad is nach bhfuil aon chomharthaí Covid-19 orthu.

Dlúth-theagmhálaithe – nach bhfuil vacsaínithe

C. Cé chomh fada is gá do dhalta/scoláire/bhaill foirne a mheastar a bheith mar “dhlúth-theagmhálaí” nach bhfuil vacsaínithe go hiomlán srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí?

F. Iarrfar ar dhaltá/scoláirí/bhaill foirne nach bhfuil vacsaínithe go hiomlán srian a chur lena gcuid gluaiseachta faoi mar a iarradh i gcónaí. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar fhothacar daoine atá vacsaínithe (e.g. daoine imdhíonlagaithe) srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí freisin, cinnfidh Foireann Bainistíochta Teagmhálaithe FSS é sin.

I gceist leis sin tá:

- srian a chur le gluaiseachtaí ar feadh 14 lá NÓ

- tástáil a dhéanamh ar Lá 0 agus ar Lá 10 Má fhaigheann dlúth-theagmhálaí toradh ina léirítear ‘neamhbhraite’ ón dá thástáil, agus mura bhfuil aon chomharthaí air/uirthi atá ag teacht le Covid-19, ní gá dó/di srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí a thuilleadh agus is féidir leis/léi filleadh ar an scoil, mura dtugann Sláinte Phoiblí FSS a mhalairt de threoir go sonrach. Má fuair sé/sí toradh inar léiríodh ‘Aimsíodh é’, déanfar é/í a bhainistiú mar chás Covid-19.

De réir na rialachán maidir le cosaint sonraí, ní féidir le scoil ainm an dalta/scoláire agus/nó an bhaill foirne a fuair tástáil dheimhneach (‘braite’) maidir le Covid-19 a nochtadh ná a dheimhniú.

C: An féidir le baill teaghlaigh dalta/scoláire/baill foirne (a aimsíodh mar dhlúth-theagmhálaí) freastal ar an scoil?

F: Is féidir, a fhad agus nár ainmnigh Sláinte Phoiblí FSS na baill teaghlaigh mar dhlúth-theagmhálaithe freisin. Ní gá ach don dalta/scoláire/bhall foirne atá ina d(h)lúth-theagmhálaí srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí, cé nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú aici/aige. Mar sin féin, ní gá d’aon bhall teaghlaigh eile sin a dhéanamh agus is féidir leis/léi freastal ar an scoil fós – murar aithin Sláinte Phoiblí FSS é/í freisin mar dhlúth-theagmhálaí.

Más rud é, áfach, go léiríonn an dalta/scoláire/ball foirne ar dlúth-theagmhálaí é/í comharthaí Covid-19, is cás amhrasta de Covid-19 é/í anois agus ba cheart dó/di féin-aonrú agus dul i dteagmháil lena d(h)ochtúir, agus a mhíniú gur aithníodh é/í mar dhlúth-theagmhálaí le cás deimhnithe de Covid-19 agus go bhfuil comharthaí á léiriú aige/aice anois freisin.

Má chinneann an dochtúir gur cás amhrasta de Covid-19 an duine sin anois, déanfaidh sé/sí socrú i gcomhair tástála agus:

- ba cheart don dlúth-theagmhálaí leanúint air/uirthi ag féin-aonrú agus
- ba cheart do bhaill teaghlaigh srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí, de réir na teorach do na teagmhálaithe teaghlaigh atá ag cás amhrasta de Covid-19.

Ionfhabhtaithe ag Covid-19 roimhe seo

C. Cad a tharlóidh má chuireann dalta/scoláire/ball foirne in iúl don scoil gur tholg sé/sí Covid-19 roimhe seo?

F. Ba cheart a rá le Baill foirne/daltaí/scoláirí, agus i gcás leanaí óga leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, an t-ábhar a phlé le Sláinte Phoiblí FSS. Má tá fianaise shoiléir ann maidir le hionfhabhtú deimhnithe le Covid-19 le naoi mí anuas, de réir na dtreoirínte náisiúnta, fad is nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú ag an mball foirne/scoláire, ní mheastar gur dlúth-theagmhálaithe iad agus ní gá dóibh srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí. I gcúinsí ar leith - e.g. Athraitheach nua ar Díol Imní é - d'fhéadfadh an dochtúir sláinte poiblí cur chuige eile a iarraidh, ach má tharlaíonn sin cuirfidh Sláinte Phoiblí FSS in iúl go soiléir é.

5. Teagmháil ó Shláinte Phoiblí FSS:

C: Cad ba cheart a bheith ag súil leis nuair a chuireann Sláinte Phoiblí FSS glaoch orm?

F:

Bunscoileanna, ranganna speisialta agus scoileanna speisialta

Rachaidh Foirne Scoileanna FSS i dteagmháil leis an bpríomhoide chun go mbeifear ábalta aon dlúth-theagmhálaithe a aimsiú. Ansin gheobhaidh an príomhoide ríomhphost ar leith ó FSS agus seolfar bileog excel chuige/chuici agus iarrfar air/uirthi eolas a sholáthar maidir leis na dlúth-theagmhálaithe ainmnithe, ionas gur féidir iad a chur isteach i gcóras Sláinte Phoiblí FSS. Beifear in ann teagmháil a dhéanamh leo mar thoradh air sin agus tástáil a thairiscint dóibh de réir mar is cuí, agus beidh siad feiceálach mar ghrúpa do chliniceoirí a mbeidh torthaí na dtástálacha á bhfiosrú acu. Is i bhformáid bileoige excel a bheidh an t-eolas a theastaíonn. Is iad seo a leanas na sonraí teagmhála don tseirbhís sin:

Hsecovid19schools@abtran.com agus 021 4819351.

Ní ghlacfar leis i gcónaí go bhfuil rang iomlán ina ndlúth-theagmhálaithe. Is de bhrí go mbaineann an oiread sin éagsúlachta le suíomhanna scoile é sin, e.g. i gcás daltaí óga bunscoile, is dócha go measfar an ‘fhaighneog’ a bheith ina ndlúth-theagmhálaithe agus go dtógfar amach iad.

Iar-bhunscoileanna:

Rachaidh Foireann Bainistíochta Teagmhálaithe FSS i dteagmháil leis an gcás go díreach, mar go bhfuil mórán de na daoine san aoisghrúpa sin ábalta na cineálacha teagmhálaithe a bhí acu taobh istigh den suíomh a mhíniú go díreach agus is féidir le Sláinte Phoiblí FSS iad a fhiosrú go tapa. Cuirfear ríomhphost ina mbeidh eolas agus comhairle ábhartha chuig an bPríomhoide. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh Foireann Bainistíochta Teagmhálaithe FSS glaoch teileafóin ar phríomhoidí más gá dóibh sonraí teagmhála na ndlúth-theagmhálaithe a aimsíodh a dheimhniú. Déanann Sláinte Phoiblí FSS fiosrú faoi mar is gnách i gcás aon ráigeanna nó aon chastachtaí.

Tá an sainmhíniú ar dhlúth-theagmhálaithe. mar thuas, ar [shuíomh gréasáin HPSC](#), agus úsáidtear é sin, in éineacht leis an eolas a fuarthas ó chomhráite le príomhoidí/cásanna agus/nó le múinteoirí chun na dlúth-theagmhálaithe taobh istigh de shuíomh na scoile a aimsiú.

Ní ghlacfar leis i gcónaí go bhfuil rang iomlán ina ndlúth-theagmhálaithe. I suíomhanna iar-bhunscoile, áit a bhfuil scaradh sóisialta i bhfeidhm seachas ‘faighneog’ ann féin, déanfar dlúth-theagmhálaithe a chinneadh ag brath ar chomhgar agus a bhí siad don chás innéacs agus ar an gcaidreamh a bhí acu leis; tugtar aird ar leith ar ghrúpaí dlúthchairde.

C. An gcuirfidh Sláinte Phoiblí FSS treoracha ar fáil don scoil maidir leis an mbealach chun dul ar aghaidh?

F. Cuirfidh.

I gcás iar-bhunscoileanna, cuirfear ríomhphost ó Shláinte Phoiblí FSS chuig príomhoidí iar-bhunscoileanna maidir le cás taobh istigh dá suíomh.

I gcás bunscoileanna, scoileanna um riachtanais speisialta oideachais (SEN) nó i gcás ráigeanna i ngach suíomh, rachaidh ball d'Fhoirne Scoileanna FSS i dteagmháil go díreach leis an suíomh agus cuirfidh sé/sí na chéad chéimeanna eile is gá a ghlacadh in iúl.

De ghnáth, mar chuid den chomhairle, iarrfar ar phríomhoide na scoile:

- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí/scoláirí, ar chinn Sláinte Phoiblí FSS gur 'dlúth-theagmhálaithe' iad. Iarrfaidh príomhoide na scoile ar tuismitheoirí/chaomhnóirí na ndaltaí/scoláirí sin iad a bhailiú ón scoil chomh luath agus atá sé sábháilte agus praiticiúil sin a dhéanamh, ionas gur féidir leo tosú ar shrian a chur lena gcuid gluaiseachtaí fad agus atá siad ag feitheamh ar theagmháil ó Shláinte Phoiblí FSS agus ar dheimhniú maidir lena stádas vacsaínithe. D'fhéadfadh sé, fós féin, gur ag deireadh an lae scoile a tharlódh sé sin. D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh Sláinte Phoiblí FSS ar an scoil litir / teachtaireacht téacs nó treoir i scríbhinn a chur chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí sin, agus an méid sin á ullmhú agus á sholáthar ag Sláinte Phoiblí FSS.
- Teagmháil a dhéanamh le ball foirne ar bith a bhféadfadh Sláinte Phoiblí FSS a chinneadh gur 'dlúth-theagmhálaí' é/í agus a iarraidh air/uirthe tosú ar shrian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí fad agus atá sé/sí ag feitheamh ar theagmháil ó Shláinte Phoiblí FSS agus ar dheimhniú maidir lena stádas vacsaínithe.

C: Cad a tharlóidh má fhaigheann múinteoirí nó scoláirí fógraí ar an Aip Rianaithe Covid de chuid FSS?

F: Déanann Sláinte Phoiblí FSS dlúth-theagmhálaithe taobh istigh de shuíomh na scoile a aimsiú. Má tá aon eolas ar fáil ón Aip Rianaithe Covid den chuid FSS, déanfar an t-eolas sin a bhreithniú. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach measfaí gur dlúth-theagmhálaithe iad na daoine go léir a fuair fógra tríd an Aip, nó a mhalairt – d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh Sláinte Phoiblí FSS gur dlúth-theagmhálaithe iad roinnt de na daoine nach bhfuair fógra ar an Aip. Cé gur uirlis an-úsáideach í an Aip Rianaithe Covid chun eolas a bhailiú faoi dhlúth-theagmhálaithe féideartha, sáraíonn measúnú riosca agus comhairle Shláinte Phoiblí FSS an Aip. Sin de bharr go mbailíonn Measúnú Riosca Sláinte Phoiblí (PHRA) eolas atá níos caolchúisí agus ilchodach chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le scaipeadh ionfhabhtaithe i gcúinsí ar leith.

C: Má dhéantar cás a aithint - cé chomh fada siar agus a théann Sláinte Phoiblí FSS chun dlúth-theagmhálaithe a bhreithniú?

F: I dtaca le cás deimhnithe de Covid-19 a bhí ag léiriú comharthaí, déanfaidh Sláinte Phoiblí FSS dlúth-theagmhálaithe a aimsiú sa tréimhse 48 uair an chloig sular léirigh an duine comharthaí.

Mura raibh comharthaí á léiriú ag an gcás deimhnithe, déanfaidh Sláinte Phoiblí FSS dlúth-theagmhálaithe don tréimhse 24 uair an chloig sula ndearnadh an tástáil a aimsiú.

C. An gá i gcónaí rianú teagmhálaithe a dhéanamh taobh istigh de phobal na scoile?

F. Ní gá. I gcás duine a aimsítear mar chás deimhnithe de Covid-19, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon ghá rianú teagmhálaithe a dhéanamh taobh istigh de shuíomh na scoile.

Tá sin amhlaidh mar nach raibh an duine ar scoil agus a g(h)alar tógálach agus dá bhrí sin ní gá rianú teagmhálaithe a dhéanamh ar dhaoine eile taobh istigh den scoil.

Sa chás sin, ní rachadh Sláinte Phoiblí FSS i dteagmháil leis an scoil.

C: Chuala mé gur aimsíodh duine as an scoil mar chás deimhnithe de Covid-19 – cén fáth nach ndeachaigh Sláinte Phoiblí FSS i dteagmháil liomsa?

F: D'fhéadfadh sé gur cinneadh cheana féin nach bhfuil aon dlúth-theagmhálaithe ná aon bhaol go scaipfeadh an galar taobh istigh de shuíomh na scoile, mar shampla, mura raibh an duine ar scoil le linn na tréimhse ina raibh a g(h)alar tógálach. Nuair is gá do Shláinte Phoiblí FSS teagmháil a dhéanamh leis an scoil, is iondúil go ndéanfaidh siad é sin an lá céanna nó an lá dár gcionn. Is cleachtas sábháilte é sin, mar nach bhfuil an cás taobh istigh de shuíomh na scoile a thuilleadh, agus dá bhrí sin nach bhfuil an baol ann a thuilleadh go scaipfeadh an galar ar aghaidh ón gcás sin.

C: An ndéanfar toradh an dalta/scoláire/bhaill foirne a roinnt leis an áis oideachais?

F: Bíonn tástálacha Covid-19 faoi rún i gcónaí de réir na rúndachta idir othar agus dochtúir. Ní chuirfeadh na torthaí in iúl do dhalta/scoláire, do thuismitheoir/chaomhnóirí, do theaghlach ná do bhall foirne ar bith eile.

Mar sin féin, ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí ag pointe na tástála, i gcás go mbeadh toradh deimhneach ag a leanbh do Covid-19 agus má bhí a g(h)alar tógálach agus é/í ar scoil, gur maith an seans go gcaithfeadh toradh na tástála a roinnt le duine cuí ainmnithe taobh istigh den scoil/áis oideachais, má mheasann an tOifigeach Leighis Sláinte gur gá é sin a dhéanamh chun cúrsaí a bhainistiú go sábháilte as sin amach.

C: An féidir leis an scoil ainm dalta/scoláire nó baill foirne ar cás deimhnithe de Covid-19 é/í a roinnt?

F: Ní féidir, ní féidir leis an scoil ainm an duine a fuair toradh tástála atá deimhneach do Covid-19 a roinnt. Tá an t-eolas sin príobháideach agus faoi rún. Ní inseofar ainm an cháis atá deimhnithe do na dlúth-theagmhálaithe.

C: An bhfuil an scoil ag cloí le ceanglais RGCS nuair atá eolas á bhailiú agus á roinnt aici maidir le teagmhálaithe casta/dlúth-theagmhálaithe le Sláinte Phoiblí FSS?

F: Tá, faoi na Rialacháin um Ghalair Thógálacha 1981, arna leasú, iarrann Oifigigh Leighis Sláinte (MOH) go mbaileofaí na sonraí, go gcoinneofaí sábháilte iad agus nach ndéanfaí iad a nochtadh ach amháin do Shláinte Phoiblí FSS nuair a iarrtar ort sin a dhéanamh mar chuid de na himscrúduithe i dtaca le cás deimhnithe nó amhrasta de Covid-19. Déantar foráil faoi GDPR, sonraí catagóire speisialta 9.2(i), do phróiseáil na sonraí sin ag an Oifigeach Leighis Sláinte,

C: Cad atá le déanamh má dhéanann an preas/na meáin nó pobal na scoile i gcoitinne teagmháil leis an scoil?

F: Seo a leanas ráiteas cineálach a bhféadfadh an scoil smaoineamh ar é a úsáid ina iomláine nó go páirteach mar fhreagra ar cheisteanna ó bpreas/ó na meáin.

“Ní féidir leis an scoil trácht ar chásanna aonair ná ar ráigeanna de Covid-19 ar mhaithe le príobháideacht agus rúndacht na ndaoine lena mbaineann.

Is féidir leis an scoil a dheimhniú go rabhamar i dteagmháil le Sláinte Phoiblí FSS. Tá PHRA a chur i gcrích san áireamh i ról FSS. Mar chuid den mheasúnú riosca sin, déanfar na dlúth-theagmhálaí go léir a aimsiú, rachfar i dteagmháil leo agus cuirfear na chéad chéimeanna eile in iúl dóibh. Iarrtar ar dhlúth-theagmhálaithe gan freastal ar an scoil, ag teacht le comhairle Sláinte Phoiblí FSS. Mura ndéanann Sláinte Phoiblí FSS teagmháil leat, níl chuireann sé isteach ort agus is féidir leat leanúint ar aghaidh ag freastal ar an scoil.

Leanfaidh an scoil ar aghaidh ag obair le Sláinte Phoiblí FSS chun a chinntiú go bhfuil na prótacail go léir atá riachtanach maidir le sláinte agus sláinte agus sábháilteacht i bhfeidhm sa scoil chun Covid-19 a chosc agus a choinneáil faoi smacht”.

6. Tástáil dlúth-theagmhálaithe

C: Conas a shocrófar tástáil do dhaoine a aimsíodh mar dhlúth-theagmhálaithe?

F: Seolfaidh Sláinte Phoiblí FSS teachtaireacht téacs ina mbeidh dáta, am agus suíomh an choinne don tástáil (do na tástálacha) saor in aisce le haghaidh Covid-19.

C: Cé chomh luath agus a gheobhaidh an dalta/scoláire/ball foirne tástáil i ndiaidh dó/di a bheith aimsithe mar dhlúth-theagmhálaí?

F: Cuirfidh Sláinte Phoiblí FSS am na tástála le haghaidh dlúth-theagmhálaithe in iúl. Socrófar an tástáil taobh istigh de 1-2 lá. Moltar go ndéanfaí dlúth-theagmhálaithe a thástáil faoi dhó, an chéad cheann a luaithe agus is féidir agus an dara ceann ar lá 10.

C: An ndéanfar tástáil amháin nó níos mó ná tástáil amháin ar dhalta/scoláire/bhall foirne? Má dhéantar níos mó ná tástáil amháin, cén fáth?

F: Cuirfidh Sláinte Phoiblí FSS in iúl an gá tástáil amháin nó níos mó ná tástáil amháin a dhéanamh ar dhalta/scoláire/bhall foirne le haghaidh Covid-19. Go hiondúil, is gá go ndéanfaí an tástáil ar an duine ar Lá 0 agus ar Lá 10 óna t(h)eagmháil leis an gcás deimhnithe, ach d'fhéadfadh sé, i gcúinsí ar leith, nach n-éileodh Sláinte Phoiblí FSS ach tástáil amháin a dhéanamh, mar shampla, má tá dóthain ama imithe thart ó tharla an teagmháil leis an gcás.

C: I gcás go dtagann tástáil ar ais mar “neamhbhraite” i dtaca le dalta/scoláire/ball foirne a bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici, an mbeidh ar an duine sin srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí fós féin agus cén fáth?

F: Beidh. Má fhaigheann an duine toradh tástála atá diúltach / ‘neamhbhraite’, ba cheart don duine sin fanacht sa bhaile nó go mbeidh siad tagtha chucu féin sách maith chun filleadh ar an scoil, mura n-iarrann Sláinte Phoiblí FSS go sonrath ar thuismitheoirí/chaomhnóirí (daltaí/scoláirí) nó ar bhaill foirne fanacht amach ón scoil de bharr imscrúdú breise.

Is féidir le dalta/scoláire/ball foirne filleadh ar a ngnáthghníomhaíochta a luaithe agus a bheidh:

- toradh tástála atá diúltach (“neamhbhraite”) faighte aige/aici **agus** nach raibh aon comharthaí á léiriú aige/aici le 48 uair an chloig anuas **nó**
- diagnóis eile faighte aige/aici, nach Covid-19 atá ann.

Ní bheidh orthu siúd atá ina gcónaí leis an duine srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí a thuilleadh sa chás sin.

C: Má thagann an tástáil ar ais mar ‘SARS-CoV-2 braite’ (cás deimhnithe de Covid-19), an mbeidh ar an dalta/scoláire/mball foirne féin-aonrú fós féin?

F: Má bhí comharthaí Covid-19 ar an duine ba cheart go mbeadh sé/sí ag féin-aonrú cheana féin. Má fhaigheann dlúth-theagmhálaí a raibh srian á chur aici/aige lena c(h)uid gluaiseachtaí toradh tástála atá deimhneach le haghaidh Covid-19 (SARS-CoV-2 braite), is cás deimhnithe de Covid-19 an duine sin anois agus ní mór di/dó féin-aonrú; ina theannta sin, ní mór do dhlúth-theagmhálaithe an duine sin tosú ar shrian a chur lena gcuid gluaiseachtaí, fad atá siad ag feitheamh ar theagmháil ó Shláinte Phoiblí FSS. D'fhéadfadh sé go mbeadh srian á chur ag an duine sin ar a c(h)uid gluaiseachtaí cheana féin. Murar measadh ach duine amháin sa teach a bheith ina d(h)lúth-theagmhálaí mar thoradh ar theagmháil taobh amuigh den teach (e.g. sa scoil) go dtí an pointe sin, ní bheadh srian á chur ar a gcuid gluaiseachtaí ag na baill eile den teaghlach.

C: Má bhí tástáil deimhneach ag dalta/scoláire/ball foirne le haghaidh Covid-19 agus má bhí sé/sí ag féin-aonrú ar feadh 10 lá ina dhiaidh sin, an féidir leis/léi filleadh ar an scoil/ar an obair?

F: Is féidir, má tá feidhm acu seo a leanas maidir leis/léi:

- go raibh sé/sí ag féin-aonrú ar feadh 10 lá ó thosaigh sé/sí ag léiriú comharthaí, agus go raibh sé/sí gan fiabhras (teocht ard 38 céim Celsius nó os a chionn) ar feadh na cúig lá deiridh nó
- mura raibh aon chomharthaí á léiriú aige/aici bhí air/uirthi a bheith ag féin-aonrú ar feadh 10 lá ó dháta na tástála)

7. Tosaíonn dalta/scoláire/ball foirne ag léiriú comharthaí

C: Cad ba cheart don scoil a dhéanamh má tá comharthaí á léiriú ag dalta/scoláire/ball foirne agus é/í ar scoil?

F: Ba cheart an dalta/scoláire a thabhairt go dtí an limistéar aonraithe ainmnithe sa scoil láithreach, agus ba cheart go mbeadh an limistéar sin aeraithe go maith agus ba cheart, más féidir, go mbeadh fuinneog ar an taobh amuigh de a osclaíonn.

Ba cheart don scoil dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus a iarraidh orthu a leanbh a bhailiú chomh luath agus is féidir. Ba cheart go dtabharfadh ball foirne ainmnithe aire chuí don dalta/scoláire nó go mbaileofar é/í. Ba cheart go nglacfadh an ball foirne atá ag tabhairt aire don leanbh gach cúram is gá faoi mar atá léirithe sa doiciméad treorach ó Shláinte Phoiblí FSS. Ní gá don bhall foirne atá ag cabhrú leis an dalta/scoláire dul abhaile mura dtosaíonn sé/sí ag léiriú comharthaí é/í féin, nó mura molann Sláinte Phoiblí FSS dó/di sin a dhéanamh ina dhiaidh sin.

I ndiaidh don dalta/scoláire a bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici an spás aonraithe a fhágáil, ba cheart é a ghlanadh agus na dromchlaí teagmhála a dhíghalrú.

Féach, le do thoil, an nasc chuig comharthaí Covid-19 de réir shuíomh gréasáin FSS [anseo](#)

C: Cad ba cheart don scoil a dhéanamh má tá comharthaí á léiriú ag ball foirne agus é/í ar scoil?

F: Is ar an mball foirne atá an fhreagracht a chur in iúl don phríomhoide láithreach go bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici. Ba cheart don bhall foirne dul abhaile láithreach, féin-aonrú agus athbhreithniú leighis a lorg óna d(h)ochtúir (Ba cheart don bhall foirne glaoch fóin a chur ar an dochtúir agus gan dul chuig an dochtúir go pearsanta. Tá measúnú an dochtúra le haghaidh Covid-19, agus tástáil le haghaidh Covid-19 más gá, saor in aisce).

C: Cad ba cheart don scoil a dhéanamh má chuirtear in iúl di ar an bhfón go bhfuil comharthaí á léiriú ag dalta/scoláire?

F: Is féidir le scoileanna a mheabhrú do thuismitheoirí/chaomhnóirí, má tá imní orthu go mb'fhéidir go bhfuil comharthaí de Covid-19 á léiriú ag a leanbh, nár cheart don leanbh freastal ar an scoil agus gur cheart dóibh teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir láithreach. Ní gá don scoil aon bhearta eile a dhéanamh ag an bpointe sin.

C. Ar cheart do scoil a chur in iúl do phobal na scoile go bhfuil comharthaí á léiriú ag dalta/scoláire/ball foirne?

F: Níor cheart. Iarrtar ar scoileanna a thabhairt faoi deara nár cheart dóibh a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí eile ná do bhaill foirne go bhfuil dalta/scoláire/ball foirne imithe abhaile mar gheall ar a c(h)uid comharthaí. Ní gá daltaí/scoláirí ná baill foirne a thógáil amach as an rang. San áireamh anseo tá siblíní nó baill eile de líon tí ball foirne nó daltaí/scoláirí.

C: Má tá comharthaí a d'fhéadfadh a bheith ag teacht le Covid-19 á léiriú ag dalta/scoláire/ball foirne – cad is gá don thuismitheoir/chaomhnóir/bhall foirne a dhéanamh?

F: Má tá comharthaí a d'fhéadfadh a bheith ag teacht le Covid-19 á léiriú ag leanbh, ba cheart do na thuismitheoirí/chaomhnóirí glaoch a chur ar a ndochtúir. I gcás scoláire atá os cionn 18 mbliana d'aois nó i gcás ball foirne, ba cheart don scoláire/bhall foirne glaoch a chur ar a d(h)ochtúir. Cinnfidh a ndochtúir ar cheart iad a thástáil le haghaidh Covid-19. Má chinneann an dochtúir gur gá go ndéanfaí tástáil do Covid-19 ar an leanbh nó ar an scoláire/mball foirne, cuirfear an duine ar aghaidh le haghaidh tástála do Covid-19, gheobhaidh sé/sí teachtaireacht téacs ó Shláinte Phoiblí FSS ina mbeidh eolas faoin gcoinne (am agus áit). Is ag a bpointe sin a iarrtar ar a gcuid teagmhálaithe go léir sa líon tí srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí. Ciallaíonn sé sin gur cheart do shiblíní nó do bhaill foirne atá sa líon tí céanna leis an duine a bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí agus gan freastal ar an scoil. Ní iarrfar ar aon duine eile féin-aonrú ach amháin an cás a bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici.

Tabhair do d'aire: beidh mórán cásanna ina gcinnfear nach gá tástáil a dhéanamh, mar shampla, mar gheall go measann an dochtúir nach mbaineann comharthaí an linbh le Covid-19 **agus go bhféadfadh cúis eile a bheith leo. Mura molann an dochtúir go ndéanfaí tástáil le haghaidh Covid-19**, agus mura bhfuil an leanbh i bhfad tinn, moltar súil a choinneáil ar an leanbh ar feadh 48 uair an chloig agus mura mbeidh aon chomharthaí breise ag teacht chun cinn, is féidir leis an leanbh filleadh ar an scoil. Má rinne an dochtúir diagnóis eile, ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí comhairle agus moltaí i dtaca le heisiámh a leanúint ag brath ar an diagnóis.

C: Cé chomh luath agus a gheobhaidh an dalta/scoláire/ball foirne tástáil?

F: Gheobhaidh an duine fógra uathobrithe maidir le coinne sceidealaithe ag ionad tástála ag an gcéad am eile is túisce atá saor le haghaidh tástála.

C: An ndéanfar tástáil amháin nó níos mó ná tástáil amháin ar an dalta/scoláire/mball foirne ar an mbonn go bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici?

A: Má tá comharthaí á mbrath ag an dalta/scoláire/mball foirne agus má chuir a d(h)ochtúir an duine sin ar aghaidh le haghaidh le haghaidh tástála, déanfar tástáil amháin uirthi/air.

8. Sonraí

Is é an bunús dlí atá le sonraí a iarrtar a roinnt le Sláinte Phoiblí FSS /Foireann Bainistíochta Teagmhálaithe (Oifigigh Leighis Sláinte agus baill foirne i Rannóga Sláinte Poiblí FSS ná na [Rialacháin um Ghalair Thógálacha 1981](#) arna leasú, ar rialacháin iad ina soláthraítear an fhreagracht dlí do Shláinte Phoiblí FSS in Airteagal 11 agus an t-údarás in Airteagal 19 ina sonraítear ‘Aon duine a dhiúltóidh déanamh de réir ceanglais nó ordacháin a thabharfar nó iarratais ar eolas a dhéanfar de bhun foráil ar bith d’fhorálacha na Rialachán seo, beidh sé ciontach i sárú ar na Rialacháin seo’. Comhlíonann an reachtaíocht sin [RGCS](#) Airteagal 6 coinníollacha c, d, agus e maidir leis an dlíthiúlacht a bhaineann le próiseáil, agus ceadaítear catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 9.2 (i).

Cuirtear sonraí scoileanna i láthair go seachtainiúil ar shuíomh gréasáin FSS [anseo](#). Cuirtear eolas i láthair air maidir le líon na n-áiseanna ina ndearnadh PHRA agus tástáil leantach agus maidir le deimhneacht dlúth-theagmhálaithe i.e. i dtaca le gach cás innéacs a cuireadh in iúl dúinn agus a d’fhreastail ar an scoil sa tréimhse ina raibh a ghalar tógálach, cé mhéad de na dlúth-theagmhálaithe a aimsíodh a fuair tástáil deimhneach le haghaidh Covid-19. Go dtí seo, is údar dóchais iad na sonraí ar fud na bliana acadúla 2021/22. Mar sin féin, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí na bearta go léir um chosc agus rialú a mholtar a fheidhmiú go hiomlán; lena n-áirítear iad siúd a bhfuil comharthaí atá ag teacht le Covid-19 á léiriú acu a eisiamh.

Tá an t-eolas agus an chomhairle is déanaí maidir leis an gcoróinvíreas ar fáil ar [hse.ie](#)